

Scéalta Bia

Stór Focal		
Focal	Cad is brí leis	Focail atá cosúil leis
Próiseáil bia	Bia a athrú ó fhoirm amháin go foirm eile	
Nósanna	An rud céanna a dhéanamh arís agus arís eile	gnáthamh
Cuid	An méid bia a chuirtear ar do phláta	lán pláta, sciar

“ Ar smaoinigh tú riamh faoi cé a dhéanann an bia a itheann tú? Sula ndéanann do mháthair nó do dhaid é a chócaráil duit. Cé a bhíonn ag obair chun é a fhás, a phróiseáil agus a chur i bpacáiste? Cad atá ar eolas agat fúthu? Cad mar gheall ar an turas a dhéanann do chuid bia agus é ar an mbealach chugat? Is ait an rud é, ach, an turas a dhéanann do chuid bia sula dtagann sé chomh fada le do phláta, is dócha gur faide é ná an t-achar a chlúdófá féin i gcaitheamh bliain iomlán! Ach mar sin féin, i roinnt tíortha, cuirtear roinnt bia sa bhosca bruscair fiú! ”

...World's Largest Lesson – Tionscadal Bia




Ón bhfíseán *Hunger Hero*, d'fhoghlaimíomar go bhfuil an t-athrú aeráide ar cheann de mhórchúiseanna an ocras. Mar gheall nach féidir brath ar an aimsir agus go bhfuil imeachtaí adhaimsire (aimsir an-dona ar fad) ag tarlú, tá laghdú ag teacht ar líon na mbarr a fhásann. An turas a thógann ár mbia chugainn agus an méid bia a chuirimid amú, cuireann siad le méid na dé-ocsaíde carbóin, rud a chuireann in olcas an t-athrú aeráide! Mar sin, conas is féidir leatsa do chion féin a dhéanamh?



Tarraing Pictiúr de do Phláta

Cén béile atá ite agat le déanaí? B'fhéidir gur rud é a bhí agat don bhricfeasta, don lón nó don dinnéar. Tarraing do bhéile ar an bpláta thíos agus cuir lipéid leis. Smaoinigh ar an **sciar** (an chuid, an méid bia) a bhí agat i gcás gach bia éagsúil agus déan iarracht an méid ceart de a tharraingt. Ansin freagair na ceistanna thíos.



1. Cé mhéad bia a chaith tú amach?
2. An bhfuil sé de nós agaibh i do theaghlach féin bia a chaitheamh amach?
3. Luaigh athrú amháin a d'fhéadfá a dhéanamh chun níos lú bia a chur amú?
4. An bhfuil a fhios agat cá as a dtagann an bia a bhíonn ar do phláta?